Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1937

23.9.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1937 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 22 Meán Fómhair 2025**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(2) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-437/23 ([2]), ba cheart iontráil amháin a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. JENSEN

([1]) IO L 16, 19.1.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/36/oj.

([2]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) an 9 Iúil 2025, *Hala Almaghout* v *Comhairle an Aontais Eorpaigh*, T-437/23, ECLI:EU:T:2025:701.

*IARSCRÍBHINN*

Scriostar an iontráil seo a leanas ón liosta a leagtar amach i Roinn A ('Daoine') d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012:

318. Hala Tarif ALMAGHOUT.